An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Eolais TC 0017/2021**

**Chuig: Údaráis Bhainisteoireachta na mBunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Athruithe Sealadacha ar an Scéim Comhroinnte Poist do Chúntóirí Oideachais Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna Aitheanta – Scoilbhliain 2021/22

## 1. Réamhrá

1.1 Mar fhreagairt ar shaincheisteanna a ardaíodh maidir le soláthar Cúntóirí Riachtanas Speisialta, cuirfear an srian ar obair ionaid a fhorchuirtear sa Scéim Comhroinnte Poist mar atá i Mír 9.1 de Chiorclán 41/2014 ar fionraí don scoilbhliain 2021/22. Cuirtear in iúl sa Nóta Eolais seo go mbeidh na srianta sin ar fionraí, leis, do scoilbhliain 2021/22.

1.2 Féadfar CRS Comhroinnte Poist a fhostú anois chun oibriú i gcáil ionaid, nuair nach bhfuil sí/sé ar an uainchlár dualgas.

1.3 Mar gheall ar an ngá atá le gluaiseacht idir scoileanna a íoslaghdú le linn phaindéim reatha COVID-19, tá an CRS Comhroinnte Poist teoranta d’obair ionaid a dhéanamh ina scoil féin.

## 2. Socruithe Pá

2.1 Íocfar an ráta pá laethúil ionaid cuí le CRS Comhroinnte Poist a fhostaítear i gcáil ionaid. Is obair inphinsin í obair ionaid den sórt sin agus áireofar í leith pinsin.

2.2 Ní cheadaítear do CRS Comhroinnte Poist a dhéanann teaglaim oibre i gcáil comhroinnte poist agus i gcáil ionaid ina scoil féin dul thar an líon uasta uaireanta conraithe seachtainiúla do CRS lánaimseartha.

## 3. An Nóta Faisnéise a Scaipeadh

3.1 Cinntigh, le do thoil, go scaipfear an Nóta Eolais seo ar gach comhalta den Bhord Bainistíochta/Oideachais agus go dtarraingeofar aird gach múinteora i d’fhostaíocht ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad siúd atá ar saoire.

3.2 Gheofar an Nóta Eolais seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie

**Clare Butler**
**Príomhoifigeach**
**Ránnóg Théarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/CRS**

**Sinéad Keenaghan**
**Príomhoifigeach**
**Rannán Párolla**

**28ú Meitheamh, 2021**